# Ainmniúchán Oscar faighte ag Jessie Buckley

Eochairfhocail: ainmníodh, ainmniúchán, gradam, éacht, catagóir, mórtasach, mórálach

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cad iad na jabanna éagsúla a luann an tuairisceoir atá ag Jessie Buckley?
2. Cén áit i gCiarraí ar fhás Jessie Buckley aníos?
3. Cén fath a bhfuil cáil ar fud an domhain anois ar Buckley?
4. Cén saghas cailín a bhí inti agus í ag feastal ar an mbunscoil i gCill Áirne?
5. Cén sampla de chineáltas Jessie a luann iar-phríomhoide na scoile?
6. Cé hiad na daoine a bhailigh le chéile i dtigh tábhairne Buckley i gCill Airne d'ainmniúcháin na nOscars?
7. Cén chatagóir ar éirigh le Jessie ainmniúchán a fháil inti?
8. Cén áit a ndeir Fiona Ní Chonchúir go bhfuil an baile fearainn Mucros suite?
9. Cén aois a bhí Jessie nuair a d'athraigh dath a súl?
10. Conas a mhothaíonn muintir Chill Airne faoi Jessie, dar leis an tuairisceoir?




## Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Fíor nó Bréagach


**Féach ar an bhfíseán arís agus aimsigh an bhfuil na ráitis seo a leanas fíor nó bréagach. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.**

| | |
|---|---|
| Is as Cill Airne i gcontae Chiarraí do Jessie Buckley | F |
| Is snámhaí í | |
| D'fhreastail sí ar bhunscoil i gCill Airne | |
| Tá glór álainn aici | |
| Bhí ról fíorbheag aici sa scannán Hamnet | |
| Dalta dána agus mímhúinte a bhí i Jessie sa bhunscoil | |
| Tá tigh tábhairne darb ainm Buckley ar Shráid an Choláiste i gCill Airne | |
| Ainmníodh Jessie Buckley do ghradam Oscar sa chatagóir an stiúrthóir is fearr | |
| Bhí díomá ar mhuintir Chill Airne nuair a hainmníodh Jessie do ghradam Oscar an tseachtain seo | |
| Tá cónaí ar thuisimitheoirí Jessie in áit darb ainm Mucros taobh amuigh de Chill Airne | |
| Tá súile gorma ag Jessie anois | |
| Tá muintir Chill Airne an-bhródúil as éachtaí Jessie | |
| Tabharfaidh muintir an bhaile an-tacaíocht do Jessie sna seachtainí atá amach roimpi | |

**Anois, ag obair leis an duine in aice leat, an féidir leat an scannán is fearr libh beirt a phlé eadraibh féin? Seo cúpla ceist le sibh ag cur ag caint:**

- Cad is ainm don scannán is fearr leat? Cad iad na fáthanna arb é sin an scannán is fearr leat?
- An bhféachann tú ar scannáin go minic? Cé chomh minic agus a théann tú go dtí an phictiúrlann?
- An bhfuil aon seánra ó thaobh na scannán de nach dtaitníonn leat? Cén fáth?
- Cé hé nó cé hí an t-aisteoir is fearr leat? Cén fáth? Cad iad na buanna atá ag an aisteoir áirithe sin, i do thuairim?
- Ar smaoinigh tú riamh gur mhaith leat féin a bheith i d'aisteoir? An dóigh leat gur saol éasca nó deacair a bheadh ann?





## Freagraí

1. Amhránaí, aisteoir, rinceoir, taibheoir
2. Cill Airne
3. Mar gheall ar an ról a bhí aici sa scannán Hamnet
4. Cailín cineálta, díograiseach le croí mór
5. Chabhraigh Jessie léi leis an nglanadh suas tar éis scoile lá amháin
6. Cairde agus comharsana Jessie
7. An t-aisteoir is fearr
8. Cóngarach do Chill Airne/cóngarach don bhaile
9. 8 mí d'aois
10. Tá siad mórtasach, mórálach aisti

1. F
2. B
3. F
4. F
5. B
6. F
7. B
8. B
9. F
10. B
11. F
12. F